

AN FIGHEADÓIR AGUS NA SGEANNA SÁITHTE

Figeadoir nach raibh fágthait bréidíní d'imthigh sé ar srubhall agus tháinig sé isteach sa teach seo nach raibh ann ach fear agus bean. Fear ruadh a bhí sa bhfear agus sé an chaoi ar cheap an figheadóir go raibh sé olc, agus ní raibh. Bhí pota fataí agus pota feola cois na teine. Bhí an figheadóir ag dhul ag imtheacht aríst. "Cá bhfuil tú ag dhul?" adeir an fear. "Tá mé ag dhul ag imtheacht, adeir an figheadóir "Go deimhin ní imtheochaidh tú," adeir an fear rua," go n-ithidh tú biadh go n-óladh tú deoch." Shéid an fear rua fideog. Ní fada a bhí an fhídeog séidhte aige nuair a tháinig triúr fear agus bean óg isteach. Séard a rinne an bhean óg, an pota feola a thógáil agus é a leagan amach ar phlátaí aca. D'ith siad a ndóthain agus an fear rua a brostú fear a'tseoil a dhóthain ithe agus, ar nú, is aige a bhí a dheis.

Nuair a bhí siad réidh thug an fear rua anuas buidéal agus adharc le bheith ag ól aiste. Thug sé braon do chaon duine agus braon ní ba mhó don fhigheadóir. "Ó ní ólfad," adeir an figheadóir. "A bhfuil fios agat céard é "adeir an fear rua. "Sin poitín atá i dtalamh le seacht mbliana ní dhéanfaidh sé aon bhlas ort." Ghabh an triúr fear agus an bhean óg amach. Bhí an figheadóir a dul ag imtheacht. "Ní fhágfaidh tú seo anocht," adeir an fear rua. "Beidh bainnis annseo anocht agus cruinniú mór. An bhean óg a chonnaic tú beidh sí ag pósadh i mbárach. Caithfidh tú fanacht ag an mbainnis." D'fhan sé annsin. Chruinnigh lán an tighe isteach san oiche. Bhí trí bhord as a chéile ann agus chaon bhord lán le daoine thimcheall ortha. Nuair a bhíodar réidh ag ithe sháith chaon fear aca a sgian síos sa mbord agus d'fág siad na sgeanna ina seasamh sa mbord. Tháinig an fear rua thart le deoch do chaon fhear agus bhíodar ag ól go maidin, go ndeachadar leis an bpósadh a dhéanamh. Nuair a d'imthigheadar d'fhan an fear rua agus an figheadóir sa teach. Thosuigh an fear rua ag cruinniú na sgeana, d'fíafuigh an figheadóir de cén fáth na sgeana a bheith sáighte sa mbord. Dubhairt an fear rua gurbé gnás na háite na sgeana a fhághail sáithte, nuair a bheadh na fir ag ól, ní raibh aon bhaoghal ar aon fhear aca a dhul ag troid nuair a d'fheicfeadh sé na sgeanna réidh.